

Óráidí

a chuaigh i gcion

Eagarthóir:
Aibhistín Ó Duibh



An chéad eagrán, 2020
An t-eagrán seo © Leabhar Breac 2020
Arna fhoilsiú ag Leabhar Breac faoin inphrionta Cló Lováin

ISBN: 978-1-909907-63-8

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus dearadh clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí

Clódóireacht: Clódóirí CLPrint

Táimid buíoch de Fhoras na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil
don fhoilseachán seo.



Foras na Gaeilge

CLÁR AN ÁBHAIR

<i>Réamhrá</i>	9
<i>Admhálacha</i>	11
Maois ‘ <i>Ní dhéanfaidh tú ...</i> ’	13
Sócraitéas ‘ <i>Is mithid dúinn imeacht anois — mise chun báis agus sibhse chun beatha</i> ’ (399 RCh)	15
Peiricléas ‘ <i>Gairtear poblacht dúinn, arae tá an riarachán faoin iomad; ní faoin mbeagán dó</i> ’ (431 RCh)	21
Tiberius Gracchus ‘ <i>Níl aon ní ar domhan chomh diaga dosháraithe le nithe atá coisricthe leis na Déithe</i> ’ (134 RCh)	26
Catilina ‘ <i>Ní bhfuair éinne síocháin in ionad cogaidh ach le bua</i> ’ (62 RCh)	29
Íosa Nazórach ‘ <i>Is aoibhinn do na boicht sa spiorad, mar is leosan ríocht na bhflaitheas</i> ’ (c. 33 AD)	32
Dom João Peculiar, Ardeaspag Braga ‘ <i>Glacaigí leis an tsíocháin agus í fabhrach daoibh</i> ’ (1147)	40
San Proinsias ‘ <i>A éana, a dheirfiúracha beaga, tá sibhse faoi chomaoín mhór ag Dia</i> ’ (c. 1220)	43
Eilís I, Banríon Shasana ‘ <i>Is feasach mé nach bhfuil i mo cholainn ach colainn lag leochaileach mná, ach croí rí mo chroí agus goile rí mo ghoile</i> ’ (1588)	45
George Washington ‘ <i>Ár sairse, ár gcuid, ár n-anam, ár n-urraim, is iad atá i nguais</i> ’ (1776)	47
Napoléon Bonaparte ‘ <i>A shaighdiúirí mo shean-Gharda, fágaim slán agaibh</i> ’ (1814)	49
Abraham Lincoln ‘ <i>Rialú na ndaoine, ag na daoine, ar son na ndaoine</i> ’ (1863)	52
Heinmot Tooyalaket ‘ <i>Go deo arís ní throidfidh mé</i> ’ (1877)	55

Emmeline Pankhurst ‘ <i>I mo shaighdiúir atá mé anseo</i> ’ (1913)	57
Marie Skłodowska-Curie ‘ <i>Is álainn stair an raidiam san eolaíocht</i> ’ (1921)	60
Iósaf Stailín ‘ <i>Ní foláir dúinn, laistigh de dheich mbliana ar an gceann is faide de, teacht suas leis na tíortha caipitleacha forbartha</i> ’ (1931)	63
Dolores Ibárruri ‘ <i>Ní ghabhfaidh siad tharainn!</i> ’ (1936)	67
Neville Chamberlain ‘ <i>Síocháin lenár linn</i> ’ (1938)	71
Benito Mussolini ‘ <i>A mhuintir na hIodáile! Gabhaigí airm go pras</i> ’ (1940)	73
Winston Churchill ‘ <i>Níl a dhath le tairiscint agam ach fuil, tiaráil, deora agus allas</i> ’ (1940)	76
Winston Churchill ‘ <i>Ba sin an uair ba bhreátha iad</i> ’ (1940)	78
Charles de Gaulle ‘ <i>Lasair fhrithbheartaíocht na Fraince</i> ’ (1940)	80
Franklin Delano Roosevelt ‘ <i>Dáta a mhairfidh in annála na mínáire</i> ’ (1941)	82
Winston Churchill ‘ <i>Tá cuirtín iarainn ligthe anuas trasna na Mór-Roinne</i> ’ (1946)	85
Ernst Reuter ‘ <i>Féachaigí an chathair seo</i> ’ (1948)	89
Robert Schuman ‘ <i>Ní d’aon iarracht amháin a fhoirgneofar an Eoraip</i> ’ (1950)	94
An Pápa Pius XII ‘ <i>A oibrithe fir agus mná ar fud an domhain, tá cion athar agam oraibh</i> ’ (1955)	98
John Fitzgerald Kennedy ‘ <i>Ich bin ein Berliner</i> ’ (1963)	104
Martin Luther King ‘ <i>Tá an aisling seo agam</i> ’ (1963)	107
David Ben Gurion ‘ <i>Rinneamar rogha dár dteanga dhúchais ... D’éirigh gach aon rud simplí láithreach</i> ’ (1970)	114
Josep Tarradellas i Joan ‘ <i>A shaoránacha na Catalóine, tá mé anseo faoi dheoidh!</i> ’ (1977)	117
Juan Carlos, Rí na Spáinne ‘ <i>Iarraim ar gach duine a bheith chomh suaimhneach ... agus is féidir</i> ’ (1981)	119

ÓRÁIDÍ AS ÉIRINN

Aodh Rua Ó Dónaill ‘ <i>Chuireamar an t-ál as an nead ... tiocfaidh siad arís má fhaigheann siad an chaoi</i> ’ (1590idí)	122
Aodh Rua Ó Dónaill ‘ <i>Deirim, agus táim deimhneach de, nach bhfuil sa tsíocháin seo ach bréag</i> ’ (1590idí)	126
Seanmóirí anaithnid ‘ <i>An t-urghairdín seo darbh ainm anallód Oileán na Naomh ... tá sí anois lán ainbheasa</i> ’	130
Theobald Wolfe Tone ‘ <i>Pé breith a thabharfaidh an chúirt seo táim ullamh ina chomhair</i> ’ (1798)	134
Roibeard Emmet ‘ <i>Nuair a bheidh mo thír ina náisiún de náisiúin an domhain ... ansin féadtar feartlaoi a chur ar mo thuama</i> ’ (1803)	138
Tomás Ruiséil ‘ <i>Ní raibh de chuspóir romham riamh in aon ní dá ndearna mé ach leas mo thíre agus leas an chine dhaonna</i> ’ (1803)	142
Jeremiah O’Connor ‘ <i>Táimid féin agus ár n-aithreacha romhainn le trí chéad bliain nach beag faoi chrúba na ministrí</i> ’ (1832)	147
An tAthair Seán Ó Raghallaigh ‘ <i>Ionchollú fírinne na nGael ab ea an sagart sin</i> ’ (1903) (Óráid os cionn chónra Eoghain Uí Ghramhnaigh)	150
Edward Carson ‘ <i>Tá Cúige Uladh ag iarraidh go ligfear di</i> ’ (1914)	153
Pádraig Mac Piarais ‘ <i>Fad a bheidh taisí na bhfear sin in úir na hÉireann ní bheidh Éire, in uireasa na saoirse, go brách ar suaimhneas</i> ’ (1915)	156
Pádraig Mac Piarais ‘ <i>Tá an tír ag éirí ar lorg shampla Bhaile Átha Cliath, agus beidh saoirse na hÉireann bainte amach ... i gceann cúpla lá</i> ’ (1916)	161
Scéal ó Dháil Éireann chun saornáisiúin an Domhain ‘ <i>Tá Éire ag athdhearbhú don domhan ... go mbaineann náisiúntacht ársa léi</i> ’ (1919)	163
Éamon de Valera ‘ <i>Táim i gcoinne an Chonartha seo</i> ’ (1921)	166

Éamon de Valera <i>‘A bhuí leis na laochra a bhfuilimid á n-onórú inniu, tá saoirse againne’</i> (1941)	170
Éamon de Valera <i>‘Náisiún beag a sheas leis féin in aghaidh ionsaí, ní ar feadh cúpla bliain, ach ar feadh na gcéadta blianta’</i> (1945)	172
Máirtín Ó Cadhain <i>‘Ba fíréan é Séamas Ó Maoileoin; ba fíréan é ar an saol seo’</i> (1959)	177
John Fitzgerald Kennedy <i>‘Tá uain na hÉireann ar láimh’</i> (1963)	180
Máirtín Ó Cadhain <i>‘A fhad is a bheas náisiún na hÉireann ann beidh ainm Sheáin Uí Éigeartaigh ann ina Bharr Bua le sluaite na bhFiann a dhúiseacht’</i> (1967)	192
Éamon de Valera <i>‘Táimid ag glacadh ár n-áite i measc na náisiún agus ag oibriú leo chun leasa an chine dhaonna’</i> (1969)	196
Joe Connolly <i>‘Tá gliondar ina gcroí’</i> (1980)	200
<i>Foinsí</i>	203
<i>Leabharliosta</i>	206

MARTIN LUTHER KING

Washington, 28 Lúnasa 1963

‘Tá an aisling seo agam’

In 1963 bhí corradh le céad bliain ann ó d’fhorógair Abraham Lincoln fuascailt na sclábhaithe sna Stáit Aontaithe. Ach d’ainneoin an fad sin ama a bheith imithe thart, i dtír sin na saoirse, sa tír sin a maíonn Forógra a Neamhspleáchais ‘gur comhionann a chruthaítear na fir uile’, is olc an seasamh a bhí ag an muintir ghorm i gcónaí, arae ba shaoránaigh den dara grád iad in a lán réimsí den saol agus bhí an ciníochas agus an t-idirdhealú dlíthiúil go tréan, go háirithe sna stáit ó dheas. Tháinig gluaiseacht cearta sibhialta chun cinn sna 1950idí, gluaiseacht a raibh sé d’aidhm aici an staid sin a leigheas, agus is as na buanna a rug an ghluaiseacht sin a tháinig móléirisíú in Washington an 28 Lúnasa 1963. Is ar an lá sin a thug Martin Luther King — tréadaí Baisteach as Georgia agus duine de phríomhphearsana na gluaiseachta — is ar an lá sin a thug sé an óráid a leanann ag bun Leacht Cuimhneacháin Lincoln; tá sí ar cheann de na hóráidí is suntasaí dár tugadh san 20ú céad.

Is cúis áthais dom dul i bpáirt libh inniu, sa léirsiú seo a mbeidh cuimhne air amach anseo mar an léirsiú is mó ar son na saoirse dá ndearnadh riamh i stair ár náisiúin.

Cúig scór bliain ó shin, shínigh Meiriceánach mór — an fear a bhfuilimid inár seasamh faoina scáth shiombalach inniu — shínigh sé Forógra na Fuascailte. Leis an dearbhú chinniúnach sin, lasadh lóchrann mór dóchais do na milliúin de sclábhaithe Ciardhuánacha a bhí á ndó ag bladhairí na deargéagóra. Ba é gairdeachas an mhaidneachain acu é i ndiaidh na hoíche fada de ghéibheann chrua.

Ach go fóill féin, céad bliain níos déanaí, níl a shaoirse ag an Chiardhuán. Céad bliain níos déanaí, monuar, agus tá saol an

Chiardhuáin fós á chreaplú ag caolbholtaí an leithscartha agus ag cuibhrigh an leatroid.

Céad bliain níos déanaí, agus tá an Ciardhuán fós ina chónaí ar oileán uaigneach dhearóil i lár mór-bhóchna den rathúnas shaolta. Céad bliain níos déanaí, agus tá an Ciardhuán fós go tréithlag fann i gcúinní na sochaí Meiriceánaí, é ar deoraíocht ina dhúiche féin. Dá bhíthin sin, tháingamar anseo inniu leis an chor náireach seo a léiriú os comhair an tsaoil.

D'fhéadfaí a rá gur tháingamar anseo go dtí príomhchathair ár náisiúin le seic a bhriseadh. Nuair a scríobh ailtirí ár bpoblachta focail ollásacha an Bhunreachta agus Dhearbhú an Neamhspleáchais, shínigh siad nóta gealltanais a bhí le fágáil mar oidhreacht ag gach Meiriceánach.

Ba é a bhí sa nóta sin gealltanais go ráthófaí do gach fear — sea, d'fhir dhubha chomh maith le fir gheala — go ráthófaí dóibh an ceart doshannta chun na beatha, chun na saoirse agus chun tóraíocht an tsonais.

Is follas inniu go bhfuil loicthe ag Meiriceá ar an nóta gealltanais sin, ar feadh a mbaineann lena saoránaigh dhaite. In áit an gealltanais beannaithe sin a urramú, is é rud atá déanta ag Meiriceá seic gan mhaith a thabhairt don phobal Chiardhuánach, seic a diúltaíodh agus a marcáladh 'ar díth cistí'.

Ach diúltaímid a chreidiúint go bhfuil banc an cheartais dulta i bhféimheacht. Diúltaímid a chreidiúint go bhfuil díth cistí ar thaisc-dhaingin an náisiúin seo, ar thaisc-dhaingin seo an iliomad áiméar. Agus ar an ábhar sin, táimid tagtha anseo leis an tseic a bhriseadh, seic a gheobhaidh dúinn, ach é a iarraidh, ilsaibhreas na saoirse agus an chosaint a ghabhann leis an cheartas.

Táimid tagtha go dtí an ball naomhaithe seo, fosta, le ruaphráinn an ama atá anois ann a chur i gcuimhne do Mheiriceá. An t-am atá ann, ní hacmhainn dúinn ár bhfearg a ligean ar fuarú ná sámhdhruaga an chur chuige chéimnithe a chaitheamh.

Anois an t-am le gealltanais an daonlathais a fhíorú.

Anois an t-am le héirí amach as gleann uaigneach an leithscartha, amach ar chosán ghrianmhar an cheartais cine.

Anois an t-am lenár náisiún a tharraingt as cré lathaí an aincheartais cine, suas ar charraig an bhráithreachais. Anois an t-am leis an cheartas a fhíorú do chlann Dé uile.

Is ag cur cuireadh ar an bhás a bheadh an náisiún dá dtugadh sé neamhaird ar phráinn an ama i láthair. Samhradh brothail seo an mhíshásaimh dhlisteanáigh atá ar an Chiardhuán, ní rachaidh sé thart nó go dtaga fómhar fionnfhuar den tsaoirse agus den chothromas. An bhliain seo míle naoi gcéad seasca a trí, ní deireadh í ach tús.

Iad sin a shíleann nach raibh de dhíth ar an Chiardhuán ach a racht a chur de agus go mbeidh sé sásta anois, bainfear an dústangadh astu má fhilleann an náisiún ar an tseandóigh. Óir ní bhfaighidh Meiriceá sos ná suaimhneas go dtí go mbronnfar a chearta saoránachta ar an Chiardhuán. Ní stadfaidh gaotha guairdill na ceannairce ach ag baint creathadh as dúshraitheanna ár náisiúin nó go dtiocfaidh lá solasmhar an cheartais.

Ach seo rud a chaithfidh mé a rá le mo dhaoine — le mo dhaoine atá ina seasamh anois i mbéal chluthar an dorais a thugann isteach i bpálás an cheartais: Le linn sinn a bheith ag gabháil seilbhe ar an ionad atá ag dul dúinn le ceart, caithfidh gan bheith ciontach as aon drochghníomh.

Ná féachaimis le tart na saoirse a chloí trí ól as cupán an fhormaid agus an fhuatha. Caithfidh a chinntiú, i dtólamh, gur ar phlána ard na dínite agus an fhéinsmactha a dhéanfaimid ár gcuid streachailte. Caithfidh gan ligean don agóid chruthaitheach seo againn titim i dtruaillíocht an fhoréigin fhisiciúil. Arís agus arís eile caithfidh díriú ar an chuspóir mhórga sin — seasamh in éadan an fhórsa fhisiciúil agus sin a dhéanamh le fórsa an anama.

An míleatachas nua breá seo atá ag laomadh tríd an phobal

Chiardhuánach, ná ligimis go dtabharfadh sé orainn mímhúinín a bheith againn as na daoine geala uile, óir tá sé tuigthe ag a lán dár mbráithre geala — mar is léir as an oiread acu atá inár gcuideachta anseo inniu — tá tuigthe acu go bhfuil a gcinniúint féin ceangailte dár gcinniúintne agus go bhfuil a saoirse féin dlúthcheangailte dár saoirsene. Ní féidir linn an siúl a chur dinn asainn féin.

Fairis sin, agus sinn ag siúl, caithfidimid a mhóidiú gur chun tosaigh a mháirseálfaimid i gcónaí. Ní thig linn filleadh siar.

Tá siad ann a fhiafraíonn de dhíograiseoirí na gceart sibhialta: ‘Cá fhad go mbeidh sibh sásta?’

Ní thig linn choíche bheith sásta fad is atá an Ciardhuán ina íospartach ag an sceimhle uafar sin, ag an bhrúidiúlacht phóilíneach. Ní thig linn choíche bheith sásta fad is nach mbíonn lóistín le fáil againn sna ródóstáin nó in óstáin na gcathracha, bíodh is go mbeadh ár gcolainn trom tuirseach ó mhasla an taistil. Ní thig linn bheith sásta fad is nach bhfuil de shoghluaiseacht ag an Chiardhuán ach ag imeacht as an gheiteo bheag go dtí an geiteo mór. Ní thig linn choíche bheith sásta fad is atáthar ag feannadh a bhféiniúlachta dár bpáistí, agus ag gearradh a ndínite, le comharthaí a deir ‘Do dhaoine geala amháin.’ Ní thig linn bheith sásta fad is nach bhfuil cead vótála ag Ciardhuán Mississippi agus fad is a chreideann Ciardhuán Nua-Eabhrac nach bhfuil a dhath aige le vótáil ar a shon.

Níl, níl, a deirim, nílimid sásta, agus ní bheimid sásta nó go rithe an ceartas anuas amhail uisce agus an fhíríantacht amhail sruth láidir.

Níl mé gan úil air go ndeachaigh cuid agaibh trí ghéarleanúint agus bhuairt mhór le teacht an fad seo. Tá cuid agaibh i ndiaidh teacht caol díreach as cillíní cúnga príosún. Tháinig cuid agaibh anseo as réigiúin ar fhág bhur gcuid tóraíochta ar an tsaoirse a lorg oraibh, sibh buailte leonta ag stoirmeacha na géarleanúna agus sibh ag stámhailleach ó ghaotha na brúidiúlachta póilíní.

Is seansaighdiúirí sibh a chuaigh i ngábh chruthaitheach agus a d'fhulaing dá réir. Coinnígí oraibh ag obair agus é creidte agaibh go bhfuil slánú le fáil as an fhulaingt nár tuilleadh.

Filligí ar Mississippi, filligí ar Alabama, filligí ar Carolina Theas, filligí ar Georgia, filligí ar Louisiana, filligí ar shlumaí agus ar gheiteonna chathracha an tuaiscirt, filligí agus a fhios agaibh go dtig le rudaí athrú agus go dtiocfaidh an t-athrach.

Ná luímis go tréith i ngleann an éadóchais.

Deirim libh, inniu, a chairde: bíodh is go bhfuil deacrachtaí an lae inniu agus an lae amárach amach ar ár n-aghaidh, go fóill féin tá an aisling seo agam; aisling í atá fréamhaithe go domhain san aisling Mheiriceánach:

Táthar á aisling dom go dtiocfaidh lá a n-éireoidh an náisiún seo chun gnímh agus a gcuirfidh sé fírinne agus brí sa mhana sin aige: 'Is rófhollas linn na fírinne seo: gur comhionann a chruthaítear na fir uile.'

Táthar á aisling dom go dtiocfaidh lá, ar chnoic dhearga Georgia, a mbeidh mic le fir a bhí ina sclábhaithe agus mic le fir a bhí ina n-úinéirí sclábhaithe — go dtiocfaidh lá a mbeidh siad ábalta suí le chéile chun tábla an bhráithreachais.

Táthar á aisling dom go dtiocfaidh lá, i stát Mississippi, sa stát sin atá sleabhctha faoi theas an aincheartais, sleabhctha faoi theas an chos ar bolg — táthar á aisling dom go dtiocfaidh lá a gclaochlóidh an stát sin ina ósais saoirse agus ceartais.

Táthar á aisling dom go dtiocfaidh lá a mbeidh mo cheathrar páistí beaga ina gcónaí i náisiún nach ar dhath a gcaicinn a dhéanfar iad a mheas ach ar mhianach a bpearsan.

Táthar á aisling seo dom inniu.

Táthar á aisling dom go dtiocfaidh lá, thuas in Alabama — in Alabama gona chiníochaithe oilbhéasacha, gona ghobharnóir a bhfuil prislíní lena bhéal le caint faoi idirshuíomh agus neamhniú — go dtiocfaidh lá thuas ansin in Alabama a mbeidh buachaillí agus girseacha beaga dubha ábalta dul i ngreim láimhe

le buachaillí agus girseacha beaga geala mar dheirfiúracha agus dheartháireacha.

Táthar á aisling seo dom inniu.

Táthar á aisling dom go dtiocfaidh lá: an lá sin ardófar gach gleann, agus ísleofar gach sliabh agus gach cnoc, agus déanfar an cam díreach agus na háiteanna garbha mín; agus foilseofar glóir an Tiarna, agus do chífidh an uile fheoil é in éineacht.

Sin ár ndóchas. Agus sin an creideamh a bheas agam agus mé ag filleadh ar an deisceart.

Leis an chreideamh sin beimid ábalta cloch dhóchais a shnoí as sliabh an éadóchais. Leis an chreideamh sin beimid ábalta díchorda anghlórach ár náisiúin a chlaochlú ina shiansa cheolmhar den bhráithreachas. Leis an chreideamh sin beimid ábalta oibriú le chéile, guí le chéile, cur le chéile ar son an chirt, dul go príosún le chéile, seasamh le chéile ar son na saoirse, agus a fhios againn go dtiocfaidh an lá a mbeidh an tsaoirse sin againn.

Sin an lá, sin an lá a mbeidh clann Dé uile ábalta a gcroí a chur san amhrán:

*Duitse féin, duitse, a thír,
A thír dheas na saorfhear fíor, duitse mo dhán.
A thír 'na bhfuair mo shinsir bás,
A thír Oilithreach 'bhí an,
Scaoil an tsaoirse as gach aird;
Go gcluintear a gáir!*

Agus má tá i ndán do Mheiriceá bheith ina náisiún mhór, caithfidh sin teacht fíor.

Dá réir sin: Go gcluintear gáir na saoirse ó bharr chnoic ábhalmhóra Nua-Hampshire! Go gcluintear gáir na saoirse ó chnoic mhíllteanacha Nua-Eabhrac! Go gcluintear gáir na saoirse ó Shléibhte mórga Allegheny in Pennsylvania! Go gcluintear gáir na saoirse ó ghrugáin sneachta Gharbhshléibhte Colorado!

Go gcluintear gáir na saoirse ó mhalacha cuara Chalafóirne!

Ach fairis sin: Go gcluintear gáir na saoirse ó Stone Mountain in Georgia! Go gcluintear gáir na saoirse ó Lookout Mountain in Tennessee!

Go gcluintear gáir na saoirse ó gach cnocán is cnapán in Mississipi!

Ó gach mala shléibhe, go gcluintear gáir na saoirse!

Agus nuair a tharlóidh sin — nuair a ligfimid réim le gáir na saoirse, nuair a ligfimid di macalla a bhaint as gach sráidbhaile agus gach gráig, as gach cathair agus gach stát — beimid ábalta luathú leis an lá a mbeidh clann Dé uile, idir fhir dhubha agus fhir gheala, idir Ghiúdaigh agus ghintlithe, idir Phrotastúnaigh agus Chaitlicigh, ábalta dul i ngreim láimhe le chéile agus focail an tseanamhráin spioradálta sin an Chiardhuáin a cheol amach:

Saor faoi dheoidh! Saor faoi dheoidh!

Altú do Dhia na Glóire, táimid saor faoi dheoidh.